Glór Uí Néill

Eagrán: Téarma 2 – 2017

Blue Peter Badge
Suaitheantas Blue Peter

Fuair Rós, dalta Rang 4, suaitheantas glas Blue Peter i mbliana. Léigh a litir agus faigh amach cén fáth.
Primary 4 pupil Rós received a green Blue Peter Badge this year. Read his letter and find out why.

To Blue Peter from Rós

Dear Blue Peter,

During the summer a hedgehog rolled under a cattle grid at the driveway of my house. He was hurt and I rescued him. For the next 4 weeks I looked after him and read everything about hedgehogs. I fed him dog food and water. I learned milk could be dangerous for him. I learned not to touch him too much. I got great advice from Andy Griggs who works in The Lough Neagh Centre. I called my hedgehog Sonic. My parents helped me to lift him but sometimes he was spiky and sometimes it pricked my fingers.

Soon he was well enough to be let out. I took him to a safe place under the hedge. I left some food nearby under the hedge for him. I miss him but I know he is doing well because he appeared in my neighbour's garden. I would like a 'green' Blue Peter Badge to remember him.

Thank you so much!
Rós

Maith thú a Róis, tá do shuaitheantas tuillte go maith agat!
Well done Rós, your badge is well deserved.

Stopann Daltaí na Naíscoile leis na Bláthanna a Bholú
Naíscoil Pupils Stop and Smell the Flowers

Bíonn an saol lán, lán, lán sa Naíscoil: ó chigireacht a dhéanamh ar na bláthanna, le comhrá a dhéanamh le Banaltra na Scoile. Bíonn an-ghoile ag na páistí – is maith an rud é go bhfuil siad ábalta a smailceanna féin a shórtáil le Buifé na Naíscoile a bhíonn ann gach lá, a fhorbraíonn a neamh-spleáchas agus a scilenna féin-chuidithe. Sútha talún agus pancóga do dhuine ar bith?

Life is all go, go, go in the Naíscoil: from inspecting the flowers, to chatting to the School Nurse. The children certainly build up an appetite – it's a good thing that they are able to sort their own snacks out with the daily Naíscoil Buffet, which develops their independence and self-help skills. Strawberries and pancake anyone?

Daltaí Rang 1 faoi Bhláth / Nurturing Primary 1 Pupils

An chéad lus an chromchinn den earrach! Is minic a bhíonn Téarma 2 i Rang 1 mar an t-earrach: tosaíonn na síolta den Ghaeilge a cuireadh na míonna fada sin ó shin sa Naíscoil ag bláthú de réir mar a labhraíonn na daltaí níos mó Gaeilge, ar scoil ar a laghad. Faoin earrach seo chugainn, beidh an Ghaeilge labhartha s'acu faoi lán-bhláth.

The first daffodil of spring! Term 2 in Primary 1 is often like springtime: the seeds of the Irish language planted all those months ago in the Naíscoil begin to flower as the children begin to speak more fluently in Irish, in school at least. By next spring, their spoken Irish will be in full blossom.

P is for pencil...where's the pencil?
P sin do pheann luaidhe... cá bhfuil an peann uaidhe?

L is for LEGO and look what I built!
L sin do LEGO agus lig dom súgradh leis.

Rang 2 – Anseo is Ansiúd agus ag Obair le Chéile
Primary 2 – Out and About and Working Together

Cad é an scéal? Thug R2 cuairt ar Leabharlann Oileán an Ghuail an téarma seo – an bhliain seo chugainn tosóidh siad ar an Bhéarla!
What's the story? P2 visited Coalisland Library for story time in Irish this term – next year they will begin English!

Cuireann Múinteoir Jayne foghlaim trí obair ghrúpa chun tosaigh go minic, ach i ngrúpa le seisear cailíní, ní féidir le Conor bocht focal ar bith a chur isteach!
Múinteoir Jayne often promotes learning through group work, but in a group with six girls, poor Conor cannot get a word in edgewise!

Tá a fhios agam go bhfuil giorruithe in oideachas, Múinteoir Jayne, ach tá an phancóg seo áiféiseach!
I know there are cutbacks in education, Múinteoir Jayne, but this pancake is ridiculous!

Colourful Pupils in Rang 3 / Daltaí Dathúla Rang 3

Whether it's a green-eyed monster, a blue-eyed boy or a brown-eyed girl, P3 pupils certainly know how to handle their data. The eyes have it!
Picteagram pearsanta – tá súil agam nach dtosaíonn an fhearthainn.



Fiosrúchán mata faoi fhad: seo an dóigh a rollaimid i Rang 3.
A maths investigation into length; this is how we roll in P3.

Ag fiosrú focal a chuireann síos ar na mothúcháin. Ná luaigh Arsenal!
Exploring words to describe feelings in Irish. Don't mention Arsenal!

Primary 4 Smarties / Clistíní Rang 4

Ní bhíonn an saol riamh leadránach i Rang 4. An téarma seo, d'fhiosraigh siad an dath is coitianta clistín i bhfeadán (bándearg), ansin d'ith siad na Clistíní uilig! Chuir siad iontas ar an tionól leis an eolas s'acu ar ghnáthóga agus d'eagraigh siad an Féasta le linn Seachtain na Meánaoise mar chuid den topaic s'acu ar chaisleáin. Bíonn siad i gconaí i mbun ruda, tá súil agam go ligeann siad a scith ar an lá mór dá gcéad Chomaoineach Naofa i mí Bealtaine.

Life is never dull in Primary 4. This term, the pupils investigated the most common colour of Smarty in a tube (pink), then ate all the Smarties! They wowed the assembly with their knowledge of animal habitats and they organised the Banquet during Medieval Times Week as part of their project on castles. They are always up and about and on their feet, let's hope they take things a bit easier on the big day of their First Holy Communion in May.

Trí Thine le Rang 5 / All Fired Up in Rang 5

Food was the main P5 topic this term. While the children enjoyed cooking different meals in class, they enjoyed eating the products of their labour more (slow down Cathal, let Siobhán take the photo first). Food as a topic gives a good context for literacy, e.g. procedural writing. They also did work on safety in the home, with a visit from Mark, the fire fighter.

Bhí bia ag R5 mar phríomh-thopaic an téarma seo. Cé gur bhain na daltaí sult as an chócaireacht féin, is mó an sult a bhain siad as an bhia a ithe (glac d'am a Chathail, lig do Shiobhán an grianghraf a ghlacadh ar dtús). Tugann bia mar thopaic comhthéacs maith don litearthacht, e.g. scríbhneoireacht threorach. Rinne siad obair ar shábháilteacht sa bhaile le trodaí tine Mark.

Rang 6 – Ar Phlainéad Eile
Primary 6 – Out of this World

An téarma seo, d'oibrigh Rang 6 ar na topaicí Na Lochlannaigh agus an Spás. An raibh a fhios agat go dtagann an focal Gaeilge do 'ship' ó longa na Lochlannach? Fíric shuimiúil eile ná, sa spás ní thig le duine ar bith tú a chloisteáil ag caint i nGaeilge (féach an tagairt scannáin)! Amharc amach do Sheachtain Sárfhoghlama an téarma seo ar théama an Spáis – cuideoidh daltaí R6 linn na gníomhaíochtaí a eagrú don scoil.

This term, the P6 pupils worked on the topics of Vikings and Space. Did you know that the Irish word for ship 'long' comes from the Vikings' longboats? Another interesting fact is that, in space no-one can hear you speak Irish (spot the movie reference)! Look out for this term's Super Learning Week on the theme of Space – the P6 pupils will play a big part in organising activities for the school.

P7 Titanic Trip Goes Down Well / Téann Turas Titanic R7 Síos go Maith

Bhí na páistí giota beag ciúin ar an turas s'acu go Béal Feirste, dá bharr sin dúirt Páraic cúpla scéal grinn agus fíric shuimiúil leo leis an oighear a bhriseadh:
The children were a bit quiet on the bus to Belfast, so to break the ice, Páraic told some jokes and interesting facts:

What do you get if you cross the Atlantic Ocean with the Titanic?
About half way!

Cad é a fhaigheann tú má thrasnaíonn tú an tAigeán Atlantach leis an Titanic?
Thart fá leathbhealach!

An raibh a fhios agat nár dhúirt White Star go raibh an Titanic dothumtha sular sheol sé. Bhí sé seo mar chuid den mhiotas den Titanic i ndiaidh di dul faoi.
Did you know that White Star did not say that the Titanic was unsinkable before it sailed. This became part of the myth of the Titanic after it sank.

I know I ordered some ice, but this is ridiculous!

Tá a fhios agam gur ordaigh mé oighear, ach tá seo áiféiseach.



Leathanach Spraoi agus Foghlama / Fun Page and Learners' Page



Irish Lesson

Hello	Dia duit
How are you?	Cad é mar atá tú?
I am well.	Tá mé go maith.
I am alright.	Tá mé go measartha.
I am not well.	Tá mé go holc.
I am tired.	Tá mé tuirseach.
I am happy.	Tá mé sona.
Goodbye.	Slán.

Days of the Week

Monday	An Luan
Tuesday	An Mháirt
Wednesday	An Chéadaoin
Thursday	An Déardaoin
Friday	An Aoine
Saturday	An Satharn
Sunday	An Domhnach



Medieval Times / An Mheánaois

Tá an samhradh ag teacht
Summer is coming

Tá na Tuathánaigh ag Éirí Amach
The Peasants are Revolting

Triúir Amadán
Three Fools

Cá bhfuil an forc?
Where's the fork?

Ríogacht Rang 1
Primary 1 Royalty

Spreag obair thopaice Rang 4 ar chaisleáin seachtain de ghníomhaíochtaí ar an mheánaois: comórtas boghdóireachta, éidí, féasta agus Tóraíocht Mhór Uibheacha.
Primary 4's class topic on castles inspireda week of medieval activities; archery competition, costumes, banquet and a Great Hunt for Easter Eggs.

Naomh Bríd agus Naomh Pádraig

Tugann an dara téarma dhá fhéile na naomh, Naomh Bríd agus Naomh Pádraig. Bhí saotharlann crosóg againn ar Lá Fhéile Bríd agus Lá Glas agus Aifreann Gaelach do Naomh Pádraig Bhí gach duine an-tógtha faoi chraoladh beo Blas de chuid Raidió Uladh ón scoil. Bhí ár mBradáin óga thar barr; is cinnte an teaghlach is ceolmhaire i dTír Eoghain …agus níos faide.

The second term brings us two saint days, St Bridget and St Patrick. We held a St Bridget's Cross Workshop and a Green Day and Irish Mass for St Patrick. Everyone was super-excited when Radio Ulster's Blas broadcasted live from the school the night before St Patrick's Day. Our young Salmons were amazing; definitely the most musical family in Tyrone…and beyond.

Club Teisteanna / Test Club



Le seacht mbliana anuas, cé go bhfuair gach dalta ar mian lena dtuismitheoirí áit láithreach i Scoil Iósaef, an Domhnach Mór, déanann mórlach suntasach Scrúdú Iontrála na Scoileanna Gramadaí. Ullmhaímid na daltaí don scrúdú i ndiaidh na scoile anois (dhá lá i Rang 6, ceithre lá i Rang 7) agus bíonn ár dtorthaí chomh hard is a bhíodh i gcónaí le breis agus 70% de Ghráid A agus B le trí bliana anuas.

Over the last seven years, while all pupils whose parents wish them to do so have transferred automatically to Scoil Iósaef, Donaghmore, quite a significant majority of pupils still sit the Grammar School Entrance Test. We are now preparing the children for the test after-school (two days in P6, four days in P7) and our results over the last few years have been as high as ever, with 70% of pupils gaining A and B grades.

An Chéad Chóineartú Gaeilge i dTír Eoghain
The First Irish Language Confirmation in Tyrone

Tá Cathaoirleach Bhord na nGobharnóirí, Gerry Galvin, ag iarraidh an Cóineartú Gaeilge a thabhairt amach as Ard Mhacha go Tír Eoghain. D'éirigh leis i mbliana le seirbhís ghálanta i gCluain Eo an téarma seo; bhí seirbhís an-phearsanta ann i mbliana mar gheall ar an cheol agus an séipéal níos lú.

The Chairman of the Board of Governors, Gerry Galvin, has been striving for years to bring the Irish language Confirmation away from Armagh and into Tyrone. He succeeded this year with a beautiful service in Clonoe last term; the music and the smaller chapel made it a very personal service for all.

Seachtain na Cásca / Easter Week

The Easter Raffle is always very popular and this year we raised £1595 – go raibh mile maith agaibh uilig. Emily won the Easter Basket, while Kaitlyn and Khloe sold the ticket for the Big Bag of Easter Goodies. Mollie won the third prize and Seán-Paul sold the ticket for Prize 4. Gerry won the egg for most tickets sold!

Bíonn an-rachairt i gcónaí ar Chrannchur na Cásca agus bhailigh muid £1595 – thank you all so much. Bhain Emily Ciseán na Cásca, agus dhíol Kaitlyn agus Khloe na ticéid don Mhála Mór de Sholáistí na Cásca. Bhain Mollie an tríú duais agus dhíol Seán-Paul an ticéad do Dhuais 4. Bhain Gerry an ubh don méid is mó ticéid díolta!

Imíonn an Carghas amach an fhuinneog ar Lá Tóraíocht Uibheacha.
Lent goes out the window on Easter Egg Hunt Day.

Na Clubanna Spraoi / The Fun Clubs

Cairde Fichille
Chess Mates

An bhfuil píotsa le bheith againn?
Are we having pizza?

Cé a rinne na mascanna seo?
Who made these masks?

Ríonna agus Banríona Dráma
Drama Kings and Queens

Ar aghaigh libh a Spurs!
Come on You Spurs!

Cairde Lego
Lego Friends

An ndéanfaidh muid damhsa?
Shall we dance?

Go raibh maith agat as an cheol.
Thank you for the music.

An Leathanach Cúil / The Back Page

Aaaaaaggguuus NUA, Seaimpín Dornalaíochta Uladh @ 35kg, Paul An Dallraí Hanna – is é Uimhir 1 é! Comhghairdeas fosta do Dhaithí a bhain an Lá Scileanna don Iomáint – an t-iománaí Bunscoile is fearr i gCúige Uladh (grianghraf le Damien, R7). Amharc amach an téarma seo do Gala Snámha na Gaelscoile do dhaltaí Rang 4 – 7; tá súil againn go ndéanfaidh muid splais mhór ar an lá.

Aaaaannnnnd NEW, Ulster Boxing Champion @ 35kg, Paul The Dazzler Hanna – he is Number 1. Congratulations also to Daithí who won the Ulster Skills Day for Hurling – the best Primary School Hurler in Ulster (photo taken by Damien, P7). Good luck to you both. Look out this term for the Gaelscoil Swimming Gala for pupils from P4 – 7; we hope to make a big splash on the day!